# Amharc

Fógraíonn TG4, BBC Gaeilge agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann scéim shuntasach nua faoin teideal 'Amharc'.

Tá 'Amharc' á bhunú chun tacú le mórléirithe scannáin fhaisnéise ar shaol agus déantús na n-ealaíon i dTuaisceart Éireann an lae inniu. Beidh mórshaothair á gcruthú faoin scéim, mórshaothair a chuirfidh le saibhreas phríomhsceideal clár BBC NI agus TG4, a thaispeánfar sna hamharclanna agus a tharraingeoidh an lucht féachana is leithne dá bhfuil ann.

Beidh gach réimse ealaíne san áireamh. Tabharfar tús áite do shaothar comhaimseartha ach cuirfear san áireamh saothair staire a bhfuil cóiriú agus tábhacht comhaimseartha leo chomh maith.

Beidh béim ar chóiriú agus ar scéalaíocht atá cruthaitheach nuálach ach a bhfuil modh scéalaíochta ann a mheallfaidh lucht féachana leathan chuige.

£150,000 a bheidh sa phota maoinithe don chéad séasúr den scéim seo agus táthar ag súil le dhá thogra a mhaoiniú.
Mar sin féin, d'fhéadfadh go roghnófaí tograí a bhfuil uaillmhian agus plean airgeadais níos airde ná sin acu ach iad cur isteach ar fhoinsí eile airgid.

Seolfar an saothar le taispeántas amharclainne agus beidh deis ann do thréimhse dáileacháin amharclainne sula gcraolfar iad ar TG4 agus ar BBC NI go luath i 2019.

Beidh an scéim á riar ag CCG I gcomhpháirtíocht leis na craoltoirí BBC agus TG4 agus ba chóir go gcomhlíonfadh na tograí seo tosaíochtaí agus aidhmeanna an CCG agus na craoltóirí.

Beidh ionadaithe ón CCG, TG4 agus BBC Gaeilge i mbun roghnú na n-iarratas.

Fad na scannán: 50 – 70 bomaite.
Buiséad léirithe: £75,000 an scannán ar a mhéad.
Formáid: HD le fotheidil Bhéarla.
Teanga: Gaeilge nó dátheangach.

***<u>IARRATAIS:</u>***

Seoltar iarratais mar ríomhphost chuig CCG roimh 1ú Meán Fómhair.

Is gá na nithe seo a leanas a bheith istigh leis an iarratas:

- Foirm choimisiúnaithe 'Amharc'.
- Cóiriú cuimsitheach scannáin mar aon le nótaí ar chur chuige físe.
- Straitéis lucht féachana teilifíse agus amharclainne agus plean i leith dáileadh amharclainne más bainteach.
- Buiséad léirithe cruinn agus achoimre ar bhuiséad (beidh costas ar ghlanadh cóipchirt ceoil agus ábhair eile, ábhar seachadta agus margaíochta san áireamh).
- C.V. do bhaill foirne a bheidh ag plé le gnéithe ealaíne an togra – an stiúrthóir, an léiritheoir, an scríbhneoir, an t-eagarthóir.
- Cruthúnas ar úinéireacht an ábhair le dul i mbun léirithe. Cóip de chomhaontuithe atá déanta le scríbhneoirí agus páirtithe eile más gá.
- Cruthúnas ó phríomhpháirtithe an togra go bhfuil aontaithe acu tabhairt faoin togra seo.
- Aon ábhar taca eile.

Táthar ag súil go mbeidh na tograí críochnaithe agus réidh le seoladh ag féilte scannán cuí i 2019 agus go gcraolfar ina dhiaidh sin iad.

TG4, BBC Gaeilge and Northern Ireland Screen's Irish Language Broadcast Fund would like to announce funding for a new initiative, entitled, 'Amharc'.

'Amharc' is being created to support the production of landmark creative films on the arts in Northern Ireland today. The initiative will provide film-makers with an opportunity to make distinctive, ambitious productions which will enrich BBC and TG4's main programming schedules and which will also have a cinematic release.

All artistic disciplines will be considered. Priority will be given to contemporary subjects but contemporary treatments of historical works will also be considered.

Emphasis will be placed on treatments and storytelling that are creative and innovative whilst also having an approach that will entice the largest audience possible.

In the scheme's first season, the total funding pot will be £150, 000 and it is expected that two projects will be funded.

However, it is possible that projects with a larger ambition and financial plan may be chosen if they seek funding from other sources.

It is envisaged that projects will launch with a cinematic release before they broadcast on TG4 and BBC in early 2019.

The ILBF will administer the scheme in conjunction with the broadcasters BBC and TG4 and the projects should comply with the ILBF and the broadcasters' priorities and aims.

Representatives from the ILBF, TG4 and BBC Northern Ireland will be responsible for selecting the applications.

Duration: 50 – 70 minutes.
Production budget: £75,000 max. per film.
Format: HD with English subtitles.
Language: Irish or bilingual.

***APPLICATIONS:***

Send applications to the ILBF via e-mail by: September 1st 2017

The following documents are needed with the application:

- The 'Amharc' commissioning form.
- A comprehensive treatment with notes on visual approach.
- TV and Cinema audience strategy and a specific plan for cinema distribution if applicable.
- A detailed production budget and a summary budget (costs relating to music copyright clearance and other material, including delivery and marketing material).
- C.V. for those team members who will work on the project's artistic aspects– director, producer, writer and editor.
- Proof of ownership of the material that will be produced and a copy of agreements made with writers and other parties, if necessary.
- Proof that the project's main parties are in agreement in relation to the project.
- Any other supporting material.

It is expected that the projects will be completed and ready to release at appropriate film festivals in 2019 and that they will be broadcast after this.